
# Nuala ar Scoil




Theastaigh ó Nuala dul ar scoil le tamall anuas. Nuair a bhí sí **ceithre bliana d'aois** chuaigh sí ar scoil don chéad uair. Thug Mamaí mála beag deas di agus chuir sí peann luaidhe, cóipleabhar agus úll isteach ann. Nuair a shroich sí an scoil **thug sí aghaidh ar** sheomra na naíonán. Bhí na páistí go léir ina suí go ciúin ar **chathaoireacha** beaga agus iad ag obair. Bhí boird bheaga sa seomra agus bhí **cúigear** páiste ag gach aon bhord. Shiúil Nuala timpeall an tseomra ag féachaint ar na pictiúir a bhí ar na ballaí. D'oscail sí cófra agus chonaic sí leabhair istigh ann. Bhí na páistí go léir ag gáire fúithi. **Ba ghearr** gur tháinig an múinteoir isteach sa seomra. Bean dheas **lách** a bhí inti agus chuir sí fáilte **roimh** Nuala. Thosaigh an múinteoir ag scríobh ar an gclár dubh ach níor thuig Nuala céard a bhí ar siúl. Tháinig an máistir isteach sa seomra níos déanaí agus chuir sé fáilte roimh Nuala freisin. Chaith sí an lá ag súgradh le marla agus le blocanna daite.

**Foclóir:**

- **naíonán,** infant
- **cófra,** press (furniture)
- **lách,** kind
- **fáilte,** welcome
- **marla,** plasticine

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cathain a chuaigh Nuala ar scoil?
   — nuair a bhí sí deich mbliana d'aois.
   — nuair a bhí sí ceithre bliana d'aois.
   — nuair a bhí slaghdán uirthi.
2. Céard a rinne sí nuair a shroich sí an scoil?
   — Thug sí aghaidh ar sheomra na naíonán.
   — Shuigh sí ar an gcathaoir.
   — Scríobh sí ar an gclár dubh.
3. Cá raibh na páistí go léir?
   — Bhí siad ag súgradh sa chlós.
   — Bhí siad ina suí ar chathaoireacha beaga.
   — Bhí siad ar an mbóthar.

**B. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:**

1. Theastaigh ó Nuala dul ar scoil — — — .
2. Bhí cúigear páiste ag — — — .
3. Bhí na páistí go léir ag gáire — .
4. Ba ghearr gur tháinig an múinteoir isteach — — .
5. Thosaigh an múinteoir ag scríobh — — — — .

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Chuir sí peann luaidhe, cóipleabhar agus úll isteach ann.
2. Shiúil sí timpeall an tseomra.
3. Bean dheas lách a bhí inti.
4. Chuir sí fáilte roimh Nuala.
5. Bhí sí ag súgradh le marla agus le blocanna daite.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a bhí sa mhála ag Nuala?
2. Cad a bhí ar siúl ag na páistí go léir nuair a chuaigh Nuala isteach sa scoil?
3. Cad a chonaic Nuala ar na ballaí?
4. Cad a bhí istigh sa chófra?
5. Cén fáth a raibh na páistí ag gáire faoi Nuala?
6. Cén fáth nár thuig Nuala an rud a scríobh an múinteoir ar an gclár dubh?
7. Cá bhfios duit nach raibh eagla ar Nuala nuair a chuaigh sí ar scoil?
8. An raibh eagla ortsa nuair a chuaigh tú ar scoil don chéad uair?

**Gramadach 25**

1. Bhí na páistí go léir ag gáire **fúithi.**
   (mise, tusa, eisean, sinne, sibhse, iadsan.)
2. Ba ghearr gur **tháinig an múinteoir isteach sa seomra.**
   (las/an múinteoir/an solas, clois/teileafón, can/amhrán, mínigh/focal.)
3. Chuir sí fáilte **roimh Nuala.**
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)